

## ☼ An Lúibín ☼

31 Bealtaine 2010

### **Lonnaíocht Ghaeltachta**

*An urban Gaeltacht sought for Dublin.*

Iarracht eile ar lonnaíocht Ghaeltachta a chur ar bun i mBaile Átha Cliath. *Comhluadar* an eagraíocht atá ina bhun, agus comharchumann tithíochta bunaithe anois. Deirtear go bhfuil suim ag breis is 15 theaghlach sa scéim. Sa bhliain 1993 a bunaíodh Comhluadar agus rún aige tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí arb áil leo Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí. Cuireann siad aithne agus caidreamh ar a chéile, agus a fhios acu nach iad amháin atá ag iarraidh gaeilgeoirí óga a thógáil i measc Béarlóirí.

Meastar gur eastáit nua ab oiriúnaí don scéim agus a bhfuil de sheirbhísí ar fáil iontu - cúram leanaí agus eile. Deir Feargal Ó Cuilinn, Stiúrthóir Chomhluadar, go bhfuil na teaghlaigh úd scaipthe ar fud na cathrach faoi láthair, agus éagsúlacht ag baint leo - lánúin nuaphósta, teaghlaigh ar aois na meánscoile agus roinnt eile.<sup>1</sup>

Ní féidir dul thar an sampla is iomráití de Ghaeltacht uirbeach agus na cúrsaí seo á bplé: Gaeltacht Bhóthar Seoighe i mBéal Feirste. Tá aird ag Comhluadar uirthi sin, cé gur mór an difríocht atá idir an dá dhream ó thaobh na staire de. Tá sé de chosúlacht eatarthu go n-eascraíonn siad araon ó mhian pobail; agus b'fhéidir gur fiú a chuimhneamh go raibh tábhacht le cainteoirí dúchais Bhaile Átha Cliath (idir chathair agus chontae) chomh déanach leis an 18ú haois.

### **Ceist, ceartú agus ceann na caorach**

Fiafraíodh cén chiall a bhí leis an abairt 'dhá cheann na caora' in eagrán 18 Bealtaine. Tagairt í don seanfhocal 'Bíonn dhá cheann ar an gcaora' (bíonn dhá thaobh ar gach scéal). Ba chóir dúinn, dála an scéil, 'dhá cheann na caorach' a scríobh. Seachrán intinne.

### **Gàidhlig i nGlaschú**

*Scottish Gaelic now has a symbolic presence in the EU. Solid progress is hoped for in Glasgow – with advice from New Zealand.*

Ar 12/5/10 thug Rúnaí Oideachais na hAlban, Michael Russell, óráid i nGàidhlig ag cruinniú Airí de chuid an AE – an chéad uair riamh a chualathas an teanga ina leithéid d'áit,<sup>2</sup> agus rud a thaispeáin nach le Gaeilge amháin a bhaineann an siombalachas. Bheadh ionadh ar chuid de na hAirí úd a chloisteáil go raibh teanga dá gcuid féin ag na hAlbannaigh, agus a chúis sin acu: ar éigean a chloisfidís focal féin di dá gcuirfidís de dhua orthu féin cuairt a thabhairt ar Dhún Éidean nó ar Ghlaschú.

Mar sin féin, tá plean gníomhaíochta ag Glaschú: scoil lán-Gháidhlig eile (an dara ceann) a chur ar bun, agus an teanga a bheith le feiceáil ar chomharthaí, ar fhoirmeacha agus ar fhógraí. Gealladh go

<sup>1</sup> Foinse, 19/5/2010.

2

'Minister makes history with EU speech in Gaelic,' Geoff Meade, *The Scotsman*, 12/5/10:

<http://thescotsman.scotsman.com/scotland/Minister-makes-history-with-EU.6288022.jp>

mbeadh sí le cloisteáil i ngach cuid den chathair faoin mbliain 2020. Scéal eile: tá an t-Ollamh Roibeard Ó Maolalaigh, scoláire ó Éirinn agus ceann na Roinne Ceiltí in Ollscoil Ghlaschú, le ceapadh mar an chéad Ollamh le Gàidhlig ann. Bheadh fáilte roimh dhul chun cinn ar bith agus gan ach 2,957 duine sa chathair a bhfuil léamh, scríobh agus labhairt na teanga acu. Ní fearr an scéal sa tír i gcoitinne: 230,000 cainteoir sa bhliain 1901, 88,000 sa bhliain 1971, 58,000 sa bhliain 2001.<sup>3</sup>

Bhí comhairle le fáil ó dheisceart na tíre nuair a bhí Jim Mather, ard-fheidhmeannach Maori TV, ag caint le Bòrd na Gàidhlig le déanaí. Dúirt sé gur mheas suirbhé sa bhliain 1973 nach raibh ach 18% den phobal ina gcainteoirí líofa Maoraise, ach go raibh timpeall 25% líofa anois – sin 150,000 duine, agus 25,000 Eorpach ina measc. Bhí baint nach beag ag na meáin leis seo, go háirthe cainéal a chraolann i Maorais ar fad.<sup>4 5</sup> Dealraíonn sé go ndeachaigh an scéal seo i bhfeidhm go mór ar a raibh i láthair.



### **Scéimeanna an Fhorais**

*Foras na Gaeilge, a cross-border body, is financing schemes with a local aim.*

An mbeidh an Ghaeilge sábháilte choíche? Beidh nuair nach mbeidh gá a thuilleadh le Foras na Gaeilge, nó le pé dream a thioctaidh ina áit. Idir an dá linn ta an Foras ag bronnadh airgid ar eagraíochtaí deonacha, fiú agus ‘athstruchturú’ na n-eagraíochtaí sin á chíoradh. Tá an scéal si curtha faoi bhráid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, ó tá baint ag an bhForas leis an dá thaobh.

Tá treise á cur ar phleanáil éifeachtach, ar chuspóirí soiléire agus ar chur le chéile. Dúirt Pat Carey, Aire na Gaeltachta, rudaí séimhe faoin obair luachmhar a bhí déanta ag na heagraíochtaí céanna, agus a fhios aige, is dócha, nach foláir a bheith mór leis na diabhair chun aidhmeanna áirithe a chur i gcrích.

Tá an Scéim Phobail Gaeilge ar cheann de na scéimeanna a bhfuil an Foras ag tál orthu, agus í ag maoiniú Oifigigh Forbartha Gaeilge chun clár a chur i bhfeidhm i bpobail áitiúla. Sampla de sin is ea an Scéim atá ar siúl i gCeatharlach, áit a bhfuil an tOifigeach agus coiste deonach áitiúil ag obair as lámha a chéile ó Mhí Eanáir 2008. Tréimhse trí bliana atá i gceist, agus maíonn na díograiseoirí áitiúla go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta.<sup>6</sup> (Ní mór a chuimhneamh, ar ndóigh, gur ábhar suntais an chéim bheag féin agus an teanga chomh lag sin ann.)

Tá sé ghrúpa dhéag eile den saghas seo le fáil in áiteanna eile, agus rinneadh staidéar neamhspleách don Fhoras. Tá an staidéar sin foilsithe anois, ach níor éirigh linn a fháil amach cén scéala a bhí ann, olc nó maith.



### **Scéimeanna teanga**

*Semi-state companies and the Irish language*

3

‘Campaigners aim to have Gaelic used “in our schools, shops and streets” by 2020,’ Martyn McLaughlin, *The Scotsman*, 7/4/10: <http://thescotsman.scotsman.com/gaeliclanguage/Campaigners-aim-to-have-Gaelic.6207658.jp>

4

‘Gaelic “can learn from Maori”,’ John Ross, *The Scotsman*, 21/5/10: <http://thescotsman.scotsman.com/gaeliclanguage/Gaelic-39can-learn-from-Maori39.6309978.jp>

5

‘An sonas gu bheil Gàidhlig no Maori agad,’ Seon C. Caimbeul, *The Scotsman*, 22/5/10: <http://thescotsman.scotsman.com/gaeliclanguage/An-sonas-gu-bheil-Gidhlig.6312564.jp>

<sup>6</sup> *The Carlow Nationalist*, 18/5/10.

Is minic a chuir Gaeilgeoir glooch ar chomhlacht poiblí in Éirinn agus a fuair freagra i mBéarla. Anois tá scéimeanna teanga san fhaisean, agus súil ann gur i nGaeilge a bheidh na freagraí feasta.

Deir scéim teanga cad iad na seirbhísí atá comhlacht le soláthar trí Ghaeilge agus conas a chuirfear leis na seirbhísí sin. Ar dtús, áfach, ní mór eolas a fháil ón bpobal (ó mhionphobal istigh sa phobal) cad tá uathu. Faoi láthair tá sin ar siúl ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ag an mBord Pleanála, ag Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath agus ag Údaráis Áitiúla an Chláir. Ansin beidh ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge aighneachtaí a ullmhú dá bharr.

Rud an-suimiúil is ea an iarracht seo ar Ghaeilge a chur á húsáid. Is deacair a mheas cén rath a bheadh ar iarracht stáit seachas ar gach iarracht stáit eile a rinneadh go dtí seo. Tá foireann Gaeilgeoirí ag teastáil chuige agus ní furasta teacht orthu. Bail ó Dhia ar an obair.



### **Breandán Ó Buachalla, 1936-2010**

*Death of a Gaelic scholar.*

Rug an bás gan choinne ar an Ollamh Breandán Ó Buachalla, duine de na hacadóirí Gaeilge is mó clú.

I measc a chuid leabhar tá *Clár Lamhscríbhinní Gaeilge sa Leabharlann Phoiblí i mBéal Feirste* (1962) agus *I mBéal Feirste Cois Cuain* (1968), cuntas ar shaothrú na Gaeilge i mBéal Feirste i ndeireadh an 18ú haois agus sa 19ú haois. Chuir sé a lán filíocht Pheadair Uí Dhoirnín in eagar (1969), agus *Nua-Dhuaraire* (I agus II, 1972 agus 1976). Eisean a scríobh *Aisling Ghéar* (1996), cuntas cuimsitheach ar chineál áirithe filíochta.

Rugadh Ó Buachalla i gCorcaigh sa bhliain 1936, agus bhain sé céim amach sa Léann Ceilteach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Bhí sé ina léachtóir in Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, agus rinne staidéar ar fhocleolaíocht agus ar theangeolaíocht i München faoi Julius Pokorny, scoláire cáiliúil. Ceapadh é mar Ollamh le Litríocht na Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, sa bhliain 1978. Bhí ollúnacht ar cuairt aige in Ollscoil Notre Dame, in Ollscoil Nua-Eabhrac agus i gColáiste Bhostúin.

Tháinig neart píosaí óna pheann d'irisí léannta, agus léargas iontu ar an mioneolas a bhí aige ar an ábhar. Aige seo dhá cheann acu: 'Modern Irish *beirt*' ar *Celtica* 24 (2003) (tugann sé le fios gur thagann an focal ó *bert*, bogadh dhá fhear i saghas fichille); 'A line in Aogan Ó Rathaile' ar *Celtica* 1-2 (1950) (*Gile na Gile* atá i gceist, agus leagan áirithe de líne áirithe: *bhaineas an chruinne den rinne le rinnscuabadh*).

Chuir Ó Buachalla an tsuim chéanna i stair, i bhfoirm agus i bhfiliúntacht na bhfocal. Léiriú é sin ar a chumas agus ar a thuiscint, agus is fada go dtiocfaidh a leithéid arís.



### **Goody Glover**

*In 1688 a woman was hanged on Boston Common. Her name was Ann Glover: Irish was her native language (the only one she used in the course of her trial), and she was, by her own confession, a witch.*

B'Éireannach í Ann (Goody) Glover<sup>7</sup> agus Caitliceach. Seans maith gur cuireadh í chun na nIndiacha Thiar ó Chorcaigh le linn Chromail, ach tháinig sí i dtír ina dhiaidh sin i Meiriceá ar nós a lán

<sup>7</sup> Is ionann *Goody* agus *Mrs.* D'fhuaimníte é mar [gu:di].

Éireannach eile,<sup>8</sup> agus chuaigh i mbun oibre mar bhean níocháin i Sasana Nua. Tá a fhios againn go raibh Gaeilge ar a thoil aici. Tá a fhios againn freisin go raibh sí ar dhuine den dream a ciontaíodh in asarlaíocht in Sálaem i ndeireadh an 17ú haois, nuair a cuireadh i leith a lán, idir mhná agus fhir, go raibh obair an diabhair ar siúl acu.

Bhí a lán Éireannach i Sasana Nua sa 17ú haois, i Maine agus in áiteanna eile, agus Gaeilge ag a bhformhór, gan amhras.<sup>9</sup> Nuair a bhí ateangairí ag teastáil bheadh teacht orthu.

Cuireadh tús le Sasana Nua sa bhliain 1620: roinnt coilíneachtaí arbh iad na Piúratánaigh a bhí chun tosaigh iontu. Sna 1660í agus sna 1670í bhí rath ar na bailte beaga: feirmeoirí, iascairí, trádálaithe fionnaidh, lucht muilte sáibh ag maireachtáil in aice leis na Wabanaki (pobail dhúchasacha an réigiúin), a bhíodh ag feirmeoireacht, ag seilg agus ag iascaireacht sna gleannta. Ach d'éirigh na Wabanaki míshásta le hiompar na gcoilíneach, agus léiríodh an faltanas sin i gCogadh Rí Pilib (1675-1678). Bhí diantróid ar siúl timpeall na teorann thoir thuaidh agus i ndeisceart Shasana Nua, agus sa bhliain 1688 thosaigh cogadh eile in Maine. Chríochnaigh sin sa bhliain 1699, ach ba ghearr gur thosaigh cogadh eile. Maraíodh fir, mná agus páistí, fuadaíodh daoine agus tréigeadh feirmeacha.

Ní i mBostún is mó a bhí an tÁibhirseoir le fáil ach i sráidbhaile Shálaem, áit a thug dídean do mhórán a theith ó na cogaí. Cuireadh scéin cheart ar Shálaem sna 1690s, nuair a thosaigh roinnt cailíní óga á n-iompar féin mar a bheadh an diabhal iontu. Ach ba léir go raibh asarlaithe le fáil i ngach áit dá raibh ann, agus is féidir a rá gurbh í triail Ann Glover sa bhliain 1688 a chuir tús le tréimhse shuaite i stair Shasana Nua.

Is beag duine nach raibh cinnte de go raibh asarlaithe ann. Mar sin féin, ní chreidfí gach duine a chuir asarlaíocht i leith duine eile i Sasana Nua, agus is minic a chuir an dlí ar an gcúiseoir féin. Mar sin féin, ciontaíodh agus daoradh daoine mar asarlaithe, agus crochadh iad.<sup>10</sup> Bhíodh gnóthaí eile ar siúl freisin, miondraíodóireacht agus frithdhraíodóireacht, agus bhí mná feasa ann agus cneasaithe. Ní thabharfaí asarlaithe ar a leithéidí de ghnáth, ach ach b'fhurasta dóibh titim i mbaol a gcúisithe.

Ba mhinic comharsana ag éileamh ar a chéile, á rá go ndearna duine éigin díobháil dóibh – rud éigin suarach, minic go leor. Bhíodh cloch sa mhuinghille ag daoine dá chéile, agus baint ag an achran na miontubaistí an tsoil.<sup>11</sup> Tríd is tríd, thugtaí 'asarlaí' ar dhaoine deacra achranacha nó ar dhaoine nár chloígh le béasa an phobail.

Ba mhinice asarlaíocht á cur i leith ban ná i leith fear, agus gach seans nach gciontófaí na fir, mar síleadh go raibh lé nádúrtha ag na mná le hobair an diabhair. Seans, freisin, gur mothaíodh gurbh éigean údarás na bhfear a threisiú agus é i mbaol.

Tá cuntas againn ar scéal Ann Glover ó lámh Cotton Mather (1662-1728), ministir nótaí, ina leabhar *Memorable Providences, Relating to Witchcrafts and Possessions* (1689). Ní raibh lá amhras air ná go raibh asarlathaithe ann, cé gur tháinig díomá air féin agus ar a lán daoine eile nuair a chonacthas an scrios a rinne na trialacha i Sálaem. B'fhollasach dó, áfach, go raibh Glover ciontach.

Thosaigh an scéal le conspóid: chuir Martha Goodwin, iníon le John Goodwin, saor diaga de chuid Bhostúin, i leith bean níocháin an teaghlaigh gur ghoid sí roinnt línéadaigh. Ba í Goody Glover máthair na mná úd; mhallachtaigh sí Martha, agus ba ghearr go raibh an cailín ag fulaingt 'strange Fitts'. Ansin, i samhradh na bliana 1688, tháinig taomanna ar thriúr eile den chlann:

They would have their mouths opened unto such a Wideness, that their Jaws went out of joint; and anon they would clap together again with a Force like that of a strong Spring-Lock. The same would happen to their Shoulder-Blades, and their Elbows, and Hand-wrists, and several of their

<sup>8</sup> Mac Aonghusa, Proinsias, 'An Ghaeilge i Meiriceá' in *Go Meiriceá Siar*, Stiofán Ó hAnnracháin (eag.), An Clóchomhar Tta 1975, lch 14.

<sup>9</sup> Tá cuntas ar Éireannaigh Shasana Nua in O'Brien, Michael J., *Pioneer Irish in New England*, 1937, 1998 (athchló).

<sup>10</sup> Féach David D. Hall, *Witch-Hunting in Seventeenth-Century New England: A Documentary History, 1638-1693*, Northeastern University Press, Boston 1999 (2<sup>nd</sup> ed.), lgh 3-16.

<sup>11</sup> An tOirr. John Hale, *A Modest Enquiry into the Nature of Witchcraft*, Boston 1702, lch 21. É luaite in Hall, lch 6.

joints.<sup>12</sup>

Dúirt dochtúir gurbh asarlaíocht amháin a d'fhéadfadh an galar sin a tharraingt orthu. Leigheasadh duine den cheathrar le paidreoireacht, ach ní bhfuair an chuid eile faoiseamh nó gur cuireadh an bhean níocháin agus a máthair Ann i príosún. Bhí droch-chlú cheana ar an tseanbhean, agus daoine á rá gur thug sí bás mná le hasarlaíocht. Is léir, pé scéal é, nárbh aon dóithín í. Thosaigh na taomanna arís tar éis do ghaol le Glover íde béil a thabhairt do dhuine den chlann.

D'admhaigh Goody Glover go ndearna sí margadh leis an diabhal agus gur thug sé siúd cumhachtaí áirithe di mar mhalairt ar a hanam. Theip uirthi an Phaidir a aithris go cruinn i mBéarla,<sup>13</sup> cé go ndúradh na focail léi arís agus arís eile; bhí sí in ann an Phaidir a rá go héasca i Laidin, ach níorbh fhiú dada é sin.<sup>14</sup> Dúirt sí os comhair na cúirte nach raibh aici ach Gaeilge (cé gurbh é barúil Mather gur thuig sí Béarla go han-mhaith) agus bhí ar na breithiúna ateangairí a úsáid.

Nuair a cuardaíodh a teach thángthas ar roinnt bábóg beag 'made of Raggs, and stuff't with Goat's hair, and other such Ingredients'.<sup>15</sup> Bhain an cúisiú suaitheadh aisti, mar, i bhfocail Mather, 'the Woman still kept stooping and shrinking as one that was almost prest to Death with a mighty Weight upon her'.<sup>16</sup> Dúirt sí go gcéasadh sí na páistí trína méar a fhliuchadh le seile agus í a chuimilt de na bábóga, rud a rinne sí sa chúirt féin mar chruthú.

Bhí an chúirt cinnte de go raibh sí ciontach, ach b'éigean an cothrom a dhéanamh. D'ordaigh an breithiúna go scrúdódh roinnt dochtúirí í féachaint an raibh sí éadrom sa cheann, agus socraíodh go raibh sí ina ciall. B'in deireadh an scéil: crochadh í i lár Chimín Bhostúin ar 16 Samhain 1688.

Is léir go raibh na páistí á gcrá ach ní léir cad ba chúis leis. Ré shuaite a bhí ann agus d'fhágadh sin a rian ar intinn an aosa óig. B'fhéidir, áfach, gur galar coirp ba chúis le hairíonna mhuintir Goodwin. Tugadh le fios tamall de bhlianta ó shin go mb'fhéidir gurbh é an t-eargót (an fungas *claviceps purpurea*) ba chúis le hiompar aisteach na ndaoine a imríodh 'asarlaíocht' orthu (Lina Caporeal, *Science* 2/4/76). Tá teoiric chonspóideach eile ag Laurie Winn Carlson, scoláire Meiriceánach: b'fhéidir gurbh é an t-ionchaifilíteas (*encephalitis lethargica* nó athlasadh inchinne) a bhí i gceist sa chás seo agus i gcáis eile. Mearú, fiabhras agus taomanna na hairíonna. Corrmhíolta a iompraíonn an víoras is cúis leis, agus bhí corrmhíolta le fáil ina dtáinte sa cheantar úd. Galar é a thagann agus a imíonn, agus fágann sé rian áirithe ar an gcorp: preabanna craicinn (deireadh daoine go mbíodh 'miotóga' á mbaint astu), baill dhearga ar cosúil le 'greamanna' iad agus goilliúnacht aigne.<sup>17</sup>

I bhfianaise ar scríobh Mather, déarfá go raibh meas asarlaí ag Ann Glover uirthi féin agus barúil aici gurbh fhéidir léi díobháil a dhéanamh dá réir. Thug sí le fios freisin go raibh a leithéidí eile i mbun oibre. Déarfadh daoine éigin, mar sin, go raibh pionós tuillte aici de réir nósanna a linne féin, murab ionann is na daoine a tugadh neamhchiontach i ndiaidh a mbáis. I ré níos sceiptiúla ní chuirfí suim inti ach mar chailleach a chuaigh ar seachrán le piseoga. Déarfadh Goody Glover féin, is dócha, go raibh fíorchumhacht aici, más é an tÁibhiseoir féin a bhronn uirthi í. B'éigean di a clann a chosaint, rud a rinne sí gan trócaire. B'in é an rud a thug a bás.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).**

<sup>12</sup> Mather, *Memorable Providences*. É luaite in William W. Coventry, *Demonic Possession on Trial: Case Studies in Early Modern England and Colonial America, 1592-1692*, Writers Club Press, 2003, lch 61.

<sup>13</sup> Síleadh nárbh fhéidir le haon duine a bhí faoi smacht an diabhail an Phaidir a rá mar ba cheart.

<sup>14</sup> Laurie Winn Carlson, *A Fever in Salem: A New Interpretation of the New England Witch Trials*, Ivan R. Dee, Chicago, 1999, lch 13.

<sup>15</sup> Mather, *Memorable Providences*. É luaite in Mary Beth Norton, *In the Devil's Snare*, Alfred A. Knopf, New York 2002, lch 39.

<sup>16</sup> Mather, luaite in Coventry, lch 62.

<sup>17</sup> Féach Carlson, *A Fever in Salem*.

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).*

## Lonnaíocht Ghaeltachta

Tá comharchumann tithíochta<sup>18</sup> bunaithe ag an eagraíocht Comhluadar i mBaile Átha Cliath. Tá suim ag a lán teaghlach sa scéim. Sa bhliain 1993 a bunaíodh Comhluadar. Tugann sé tacaíocht do thuismitheoirí ar mian leo Gaeilge a labhairt lena gclann. Is dóigh le Comhluadar gur fearr tithe a cheannach in eastát nua toisc go mbeadh níos mó seirbhísí le fáil ann. Faoi láthair tá na teaghlaigh úd scaipthe ar fud na cathrach. Tá an-suim ag Comhluadar sa Ghaeltacht uirbeach<sup>19</sup> i mBéal Feirste.

## Gàidhlig i nGlaschú

Ar 12/5/10 thug Rúnaí Oideachais na hAlban, Michael Russell, óráid i nGàidhlig ag cruinniú Airí de chuid an Aontais Eorpaigh, an chéad uair riamh a chualathas<sup>20</sup> an teanga ina leithéid d'áit.<sup>21</sup>

Sa bhaile, i nGlaschú, tá plean gníomhaíochta<sup>22</sup> acu: scoil lán-Ghàidhlig eile (an dara ceann) a chur ar bun, an teanga a bheith le feiceáil ar chomharthaí, agus rudaí eile. Tá Ollamh le Gàidhlig anois in Ollscoil Ghlaschú. Is gá dul chun cinn a dhéanamh mar níl ach 2,957 duine sa chathair a bhfuil léamh, scríobh agus labhairt na teanga acu.

Bhí Jim Mather, ard-fheidhmeannach Maori TV, ag caint le Bòrd na Gàidhlig le déanaí. Dúirt sé go raibh méadú mór ag teacht ar líon na gcainteoirí Maoraise,<sup>23</sup> agus go raibh tábhacht mhór leis na meáin.<sup>24</sup> Chuir lucht Gàidhlig suim mhór sa scéal.

## Scéimeanna an Fhorais

Tá Foras na Gaeilge ag bronnadh airgid ar eagraíochtaí, agus é ag cur béime ar phleanáil éifeachtach. Tá airgead á chaitheamh ar an Scéim Phobail Gaeilge, rud a chuidíonn le grúpaí áitiúla an teanga a chur chun cinn ina gcuid ceantar féin. Bíonn Oifigeach Gaeilge ann agus coiste deonach.<sup>25</sup> Tá sé ghrúpa dhéag eile den saghas seo le fáil in áiteanna ar fud na tíre.

## Scéimeanna teanga

Is minic scéimeanna teanga á gcur i bhfeidhm<sup>26</sup> anois ag comhlacht poiblí in Éirinn. Deir scéim teanga cad iad na seirbhísí atá an comhlacht le soláthar trí Ghaeilge. Ní mór<sup>27</sup> eolas a fháil ón bpobal cad tá uathu. Faoi láthair tá sin ar siúl ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ag an mBord Pleanála, ag Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath agus ag Údaráis Áitiúla an Chláir. Ansin beidh ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge aighneachtaí<sup>28</sup> a ullmhú dá bharr.

<sup>18</sup> Comharchumann tithíochta - housing cooperative.

<sup>19</sup> Uirbeach - urban

<sup>20</sup> Chualathas – was heard

<sup>21</sup> Ina leithéid d'áit – in such a place

<sup>22</sup> Plean gníomhaíochta – action plan

<sup>23</sup> Líon na gcainteoirí Maoraise – the number of Maori speakers

<sup>24</sup> Na meáin – the media

<sup>25</sup> Deonach - voluntary

<sup>26</sup> Á gcur i bhfeidhm – being implemented

<sup>27</sup> Ní mór – it is necessary

<sup>28</sup> Aighneachtaí - submissions

## Goody Glover

B'Éireannach í Ann (Goody) Glover. Seans maith gur tháinig sí chun Meiriceá le linn Chromail. Bhí sí ina cónaí i Sasana Nua agus cuireadh asarlaíocht<sup>29</sup> ina leith i mBostún.

Bhí a lán Éireannach i Sasana Nua sa 17ú haois, agus Gaeilge ag a bhformhór, is dócha.

Cuireadh tús le Sasana Nua sa bhliain 1620. Chreid gach duine a bhí ann go raibh asarlaithe<sup>30</sup> ann, ach ní éistfeadh na cúirteanna le gach duine<sup>31</sup> a dúirt go raibh duine eile ina asarlaí. Mar sin féin, crochadh<sup>32</sup> a lán daoine.

Thosaigh scéal Ann Glover le conspóid. Dúirt cailín óg go raibh iníon Ann ina gadaí, agus mhallachtaigh Ann an cailín óg sin. Ansin tháinig taomanna<sup>33</sup> ar an gcailín agus ar pháistí eile. Dúirt dochtúir gurbh asarlaíocht ba chúis leis, agus cuireadh Ann agus a hiníon i bpríosún.

Nuair a ceistíodh<sup>34</sup> Ann dúirt sí gur thug an diabhal cumhachtaí éigin di. Nuair a cuardaíodh<sup>35</sup> a teach fuarthas bábóga, agus d'admhaigh Ann go mbaineadh sí úsáid astu<sup>36</sup> chun dochar a dhéanamh do na páistí.

Dúirt Ann Glover nach raibh aici ach Gaeilge, agus b'éigean don chúirt ateangairí a fháil di. Shíl na breithiúna go raibh sí ciontach, mura raibh sí éadrom sa cheann.<sup>37</sup> Dúirt na dochtúirí go raibh sí ina ciall,<sup>38</sup> agus crochadh í.

Níl a fhios ag aon duine cad a bhí ar na páistí, ach b'fhéidir go raibh galar éigin orthu, rud ba chúis leis na taomana.

---

<sup>29</sup> Asarlaíocht – sorcery, witchcraft

<sup>30</sup> Asarlaithe: asarlaí – sorcerer, witch

<sup>31</sup> Ní éistfeadh na cúirteanna le gach duine – the courts would not listen to everyone

<sup>32</sup> Crochadh – were hanged

<sup>33</sup> Taomanna - fits

<sup>34</sup> Ceistíodh - questioned

<sup>35</sup> Cuardaíodh - searched

<sup>36</sup> Go mbaineadh sí úsáid astu – that she used to use them

<sup>37</sup> Éadrom sa cheann - crazy

<sup>38</sup> Ina ciall - sane